chomhoibritheach.
Dúirt 61% do thuismitheoirí daltaí na céad bliana go raibh fadhb ag a scoláirí le codáin, deachúil agus céatadáin agus iad ag freastal ar an scoil náisiúnta.
Níl 94% do na scoláirí sa chéad bhliain in ann códáin a roinnt.

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc tábhacht na scileanna uimhearthachta sa saol agus an bhaint atá acu leis na hábhair ar fad trasna an churaclaim.

**2.3** Tá na **spriocanna feabhsúcháin** seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

| Sprioc d'fheabhsúchán | Gníomh |
|---|---|
| Dearcadh dearfach a chothú i leith an Mhatamaitic | Seachtain Uimhearthachta don scoil ar fad: cluichí sna hábhair éagsúla, comórtais, úsáid na teicneolaíochta, srl. le dearcadh na ndaltaí i leith na huimhearthachta a fheabhsú |
| Ag úsáid uimhearthacht trasna na curaclaim | Póstaeir a dhearadh in sna rannóga difriúla ar an úsáid a bhaintear as anUimhearthacht |
| Feabhas a theacht ar chumas na scoláirí deileáil le codáin, deachúla agus céatadáin | Póstaeir a chrochadh i ngach seomra ranga ar scór agus grád scrúduithe a ríomh i ngach ábhar. |
| Go mbeadh 80% de na scoláirí in ann úsáid a bhaint as codáin, céatadáin agus deachúil go h-éifeachtach roimh dheireadh Bhliain 1. | Múinteoirí á fhágáil ag na scoláirí iad féin le ríomh. |
| Go méadódh líon na ndaltaí atá in ann codáin a roinnt ó 6% go 20% | Pictiúir a thógail don saol timpeall orainn agus 'caption' a chur leis an bpictiúir a bhí baint aige leis an Mata agus an Uimhearthacht.<br>Breathnú ar phictiúir a bhí tógtha agus atá oiriúnach don ghnáth shaol agus ag ceangal an Mata leis an ngnáth shaol.<br>Scoláirí ag tomhais fad go dtí seomraí ranga áiríthe sa scoil agus ag déanamh amach comharthaí leis na treoracha agus an fad atá sé go dtí na seomraí éagsúla, leithris, oifig an phríomhoide srl.<br>Scoláirí ag déanamh amach scála tomhais (méadar agus troigh) le h-aghaidh d'airde, ceann crochta sa halla agus sa seomra Mata.<br>Faid (1m, 2m srl.) tomhaiste amach agus crochta sa halla sa gcaoi is go mbeidh scoláirí in ann fad agus aon mhéadar a thomhais lena gcuid lámha, agus go mbeadh pictiúr acu ina n-intinn de chéard is méadar ann, dhá mhéadar srl. |

Mar thuismitheoir, is féidir leat cuidiú linn trí cabhrú leis an obair bhaile.
**2.4** Beidh a fhios againn go bhfuil ár spriocanna sroichte againn nuair a chuirfimid an scrúdú matamaitice céanna ar dhaltaí Bhliain 1 i Mí Bealtaine 2016.